

FRONT**X**



EUROPEAN BORDER AND
COAST GUARD AGENCY

Múnla Comhchoiteann Comhtháite don Anailís Riosca

Leabhrán achomair

Optimised for screen viewing

Leagan 2.1, Meán Fómhair 2021

Múnla Comhchoiteann Comhtháite don Anailís Riosca

Forbraíonn Frontex i ndlúthchomhar leis na ballstáit an Múnla Comhchoiteann Comhtháite don Anailís Riosca (CIRAM).

NÓTA BUÍOCHAIS

Rinne Frontex i ndlúthchomhar le hanaláisithe de chuid na mBallstát arna ndeimhniú ag CIRAM an Múnla Comhchoiteann Comhtháite don Anailís Riosca 2.1 a nuashonrú. Is mó duine a rannchuidigh lena fhorbairt agus is cuí go bhfaighidís aitheantas anseo as a gcuid cabhrach.

Clár na nÁbhar

Réamhrá #3

An múnla rialaithe rochtana ceithre-chiseal #4

Forbhreathnú ar riosca #5

Tacú le cinnteoireacht #6

Bagairt #7

Leochaileacht #8

Tionchar #9

Timthriall faisnéise #11

Moltaí #12

Cur chun feidhme CIRAM #13

Réamhrá

Le CIRAM déantar creat atá soiléir agus trédhearcach maidir le hanailís riosca a bhunú agus ba cheart go mbeadh sé ina thagarmharc do ghníomhaíochtaí anailíseacha. Le hanailís atá bunaithe ar CIRAM beidh de chumas ag lucht cinnteoireachta riosca a laghdú agus a mhaolú nuair atá teorainn le hacmhainní agus le cumais. Feictear le CIRAM comhthuisicint ar anailís riosca a chur chun cinn agus rannchuidiú le comhchuibheas níos mó i mbainistiú teorainneacha seachtracha an Aontais.

Tá forbairt agus chur chun feidhme CIRAM bunaithe ar **Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/1896 (an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach)**, ina sonraítear mar a leanas:

Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar shreabha imirce i dtreo an Aontais, agus laistigh den Aontas i dtéarmaí treochtaí, lín agus bealaí, agus faireachán ar threochtaí eile agus ar dhúshláin is féidir a bheith ann ag na teorainneacha seachtracha i ndáil leis an bhfilleadh. Chun na críche sin, bunóidh an Ghníomhaireacht, ar chinneadh ón mbord bainistíochta agus bunaithe ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, múnla comhchoiteann comhtháite don anailís riosca, a chuirfidh an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit i bhfeidhm.

Cad is brí le CIRAM?

Cé nár shocraigh an reachtóir brí na dtéarmaí sin, is mar seo a leanas an tuiscint a cothaíodh laistigh de phobal an Gharda Teorann agus Cósta Eorpach (EBCG)¹:

Tagraíonn **“Common”** do chreat, arna fhorbairt ag Frontex i gcomhar leis na Ballstáit, agus a chuirfear i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE .

Tagraíonn **“Integrated”** don chuspóir atá ag Frontex ardleibhéal aonfhoirmeach rialaithe maidir leis na teorainneacha seachtracha go léir a áirithiú laistigh den chomthéacs de Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip (EIBM)². Tugann sé sin le fios comhar le comhlachtaí eile um fhorghníomhú an dlí / údaráis teorann agus le húdaráis eile a phléann le saincheisteanna imirce, amhail údaráis chustaim, oifigí inimirce agus póilíní náisiúnta.

Ciallaíonn **“Anailís Riosca”** scrúdú córasach a dhéanamh ar ghnéithe de rioscaí chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht.

Ciallaíonn **“Múnla”** creat anailíseach ina gcuirtear stór focal coiteann agus struchtúr coiteann ar fáil laistigh de phobal EBCG chun anailís riosca a dhéanamh . Ní algartam atá ann lena dtugtar dearbh-thorthaí.

¹ Mar a fhoráiltear in Airteagal 4 de Rialachán 2019/1896.

² Alt 3 de Rialachán (AE) 2019/1896.

An múnla rialaithe rochtana ceithre-chiseal

Áirítear na nithe seo a leanas sa mhúnla rialaithe rochtana ceithre-chiseal³:


- (i) bearta i dtríú tíortha,
- (ii) comhar le tríú tíortha,
- (iii) rialú teorann agus
- (iv) bearta rialaithe laistigh de limistéar Schengen lena n-áirítear fillleadh.

Tá sé ina chuid lárnach de Bhainistiú Eorpach Comhtháite Teorainneacha. Go bunúsach, éilítear leis an múnla go gcuirtear tacar beart i bhfeidhm ar fud na gciseal éagsúla. Léirítear leis an múnla rialaithe rochtana ceithre chiseal na réimsí éagsúla ina lorgaíonn analáisithe faisnéis. Tugann an múnla le tuiscint go mbeidh na táirgí anailíseacha fóna do na húdaráis go léir atá gníomhach i gciseal amháin nó níos mó. Sa chiall sin, is cumhachtach an tagairt don ghné chomhtháite den anailís riosca é an múnla rialaithe rochtana ceithre chiseal.

Grafaic 1: Iléaráid CIRAM

RÉIMSÍ FAISNÉISE

(bunaithe ar an múnla rialaithe rochtana ceithre chiseal)



³ Réamhaithris 11 de Rialachán (AE) 2019/1896.

Forbhreathnú ar riosca

Maidir leis na teorainneacha seachtracha a bhainistiú, déantar riosca a shainiú in CIRAM mar mhéid agus dóchúlacht bagartha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhainistiú na dteorainneacha seachtracha i bhfianaise na mbeart atá i bhfeidhm ag na teorainneacha agus laistigh den AE, a mbeidh tionchar aici ar slándáil inmheánach an Aontais, ar fheidhmiú nó ar shlándáil na dteorainneacha seachtracha, nó a mbeidh iarmhairtí daonchairdiúla aici.

Ag eascirt as an sainmhíniú sin ar riosca, déantar anailís riosca a shainiú mar scrúdú ar na trí ghné seo a leanas, a ndéantar a dtoradh a thairfeadh i bhfoirm measúnaithe riosca⁴:

- (1) an bhagairt;
- (2) leochaileacht i leith na bagartha;
- (3) an tionchar a bheidh ag an bhagairt má tharlaíonn sí.

Ní gnéithe aonair iad na trí ghné agus ní gá iad a mheas ceann i ndiadh a chéile. ina áit sin, le gach gné tugtar stáitse éagsúil chun scrúdú a dhéanamh ar riosca, agus an measúnú a dhéantar ar ghné amháin ina ábhar machnaimh agus spreagtha don mheasúnú ar an dá ghné eile.

Ba chóir raon agus cuspóir an mheasúnaithe a shainiú go soiléir. Ba cheart go gcuimseofaí ann tréimhse ar leith agus go ndéanfaí an bhagairt a mheá léi thar thréimhse shonraithe amach anseo, ar shlí a bheidh i gcomhréir le leibhéal na cinnteoireachta a bhfuil sé le heolas a thabhairt di.

⁴ Níl feidhm ag an sainmhíniú sin maidir le próiseanna uile an Bhainistithe Chomhtháite Teorainneacha Le haghaidh sainmhínte eile ar riosca féach, e.g., Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1240 (Rialachán ETIAS).

Tacú le cinnteoireacht

Cé nach féidir deireadh a chur go deo le riosca, rannchuideoidh anailís riosca, trí lucht cinnteoireachta a chumasú cinntí eolasacha a dhéanamh, chun an bhearna idir riosca agus cumas córas EIBM an riosca sin a laghdú agus a mhaolú a líonadh.

Tá raon feidhme leathan ann maidir le faighteoírí cinntí agus maidir le leibhéal na gcinntí atá in ann tairbhiú den chur chuige seo maidir le anailís riosca atá bunaithe ar fhaisnéis. Ó lucht déanta beartas go gardaí teorann ar an gcéad líne, ní hamháin go mbaineann na gníomhaithe go léir laistigh de struchtúir IBM leas as tacaíocht ó tháirgí anailiseacha ábhartha, ach tá ról cinntitheach acu freisin i gcáilíocht na faisnéise, toisc gur príomhghnéithe bailithe faisnéise laistigh dá n-eagraíochtaí iad.

Táthar ag súil nach ionann a bheidh na riachtanais faisnéise don leibhéal straitéiseacha, don leibhéal oibríochta agus don leibhéal oirbheartaíochta. Ní hionann iad ó thaobh aschuir le haghaidh cinnteoireachta, na bhfiosrúchán atá le déanamh, na sonraí atá le húsáid, an chur chuige anailiseach atá le glacadh, ná éagsúlacht na n-uirlisí ná na dteicnící atá le húsáid.

Níl ann do riail shoiléir chun idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha cur chuige maidir le measúnuithe a dhéanamh ag an trí leibhéal sin. Ba cheart go ndéanfaí roinnt seo na leibhéal a oiriúnú do shaintréithe agus do stuchtúir na gcomhthéacsanna náisiúnta éagsúla IBM. Bíodh sin mar atá, is féidir tréithe ar leith a bhraith:

Ba cheart do ndíreofaí measúnachtaí ar an leibhéal straitéiseach ar na nithe seo a leanas:

- forbairt feiniméan a thuiscint,
- pictiúr ginearálta agus domhanda a chruthú,
- dearcadh a sheachadadh,
- moltaí a chur ar fáil maidir le forbairt cumais agus acmhainní,
- riachtanais acmhainní a shainmhíniú,
- tacú le cinntí maidir leis an mbuiséad.

Ba cheart go mbeadh gnéithe / táirgí i gceist i measúnaithe ar an leibhéal oibriúcháin:

- dinimic bhagartha,
- tá tosca inmheánacha agus torthaí ó mheasúnachtaí ábhartha ionas gur féidir acmhainní agus a n-athleithdháileadh a mheasúnú,
- díriú ar an limistéar teorann.

Ba cheart do ndéanfaí plé measúnaithe ar leibhéal na hoirbheartaíochta ar ghnéithe / táirgí maidir leis na nithe seo a leanas:

- táscairí riosca,
- próifíl riosca (do dhéantóirí coire, d'íospartaigh agus an modus operandi),
- limtíear tíreolaíoch agus am sainithe,
- gnéithe seachtracha (ag an teorainn).

Bagairt

Sainmhínítear bagairt in CIRAM mar éifeacht nó brú a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar bhainistiú na dteorainneacha seachtracha. Saintréithe de chuid na bagartha iad a méid agus a dóchúlacht.

Ag croílár na hanailíse riosca tá rioscaí atá ann anois nó a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus a bhfuil tionchar acu ar bhainistiú na dteorainneacha seachtracha a shaináithint.

Áirítear le cur síos ar bhagairt, de ghnáth, cur síos ar an modus operandi, cuspóirí, cúiseanna agus cumais an déantóra (cé, cá háit, cathain, líon), treochtaí agus réamh-mheasa agus aon tosca eile a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar mhéid agus ar dóchúlacht na bagartha. Tá an comhdhéanamh beacht bunaithe ar scrúdú a dhéantar ar an mbagairt chun na hathróga a imríonn tionchar uirthi agus aon chomhchoibhneas a d'fhéadfadh a bheith ann idir na hathróga sin a shaináithint.

Ba chóir bagairtí a thomhais chun gur féidir iad a chur i gcomparáid lena chéile agus iad a chur in ord tosaíochta. Ós rud é go bhfuil sé mar chuspóir ag anailís riosca eolas a thabhairt don chinnteoireacht lena gcinnfear bearta amach anseo, is dual don anailís ar bhagairtí a bheith dírithe ar an am atá romhainn amach agus ba cheart go ndéanfaí tagairt inti do dhóchúlacht agus do mhéid na bagartha i leith tréimhse ionchais ama ar leith.

Leochaileacht

Déantar leochaileacht in CIRAM a chinneadh le cumas córais bagairt a mhaolú. Is é a thuigtear le leochaileacht na tosca ag na teorainneacha nó laistigh den AE a d'fhéadfadh méid nó dóchúlacht bagartha a mhéadú nó a laghdú.

Ar na príomh-fhachtóirí a úsáidtear chun leochaileacht a aithint tá buanna geografacha na limistéar teorainn, anailís ar gníomhaíochtaí oibríochta, lena n-áirítear an acmhainneacht chun an bhagairt a mhaolú, amhail líon na mball foirne agus na scileanna atá acu, imscaradh trealamh agus bainistiú tosaíochtaí agus beartas. Ba cheart go léireodh measúnú ar na fachtóirí sin don lucht cinnteoireachta na leochaileachtaí atá ann maidir le bagairtí ar leith chun go mbeidh siad in ann freagairt go tapa do theagmhais.

Baineann leochaileacht le hábhair lena gceadaítear, de bharr a gcineál, tomhais agus meastacháin atá níos cruinne ná iad siúd a úsáidtear chun bagairt agus tionchar a mheas.

Leochaileacht in CIRAM i dtaca leis an measúnú leochaileachta in Airteagal 32 de Rialachán AE 2019/1896.

Rialachán AE 2019/1896 bunaítear Measúnú Leochaileachta⁵ mar cheann de na sásraí um rialú cáilíochta lena ndéantar faireachán agus meastóireacht ar chumais na mBallstát. Gabhann Modheolaíocht Chomhchoiteann maidir le Measúnú Leochaileachta le Measúnú Leochaileachta (CVAM). Le Rialachán AE 2019/1869 déantar córais malartaithe faisnéise idir anailís riosca agus Measúnú Leochaileachta a shainmhíniú.

⁵ Airteagail 3(1)(k) agus 32 de Rialachán (AE) 2019/1896.

Tionchar


Déantar tionchar in CIRAM a shainmhíniú mar éifeachtaí bagartha ar shlándáil inmheánach an AE nó ar shlándáil nó feidhmiú shlándáil na dteorainneacha seachtracha. Is féidir anailís a dhéanamh freisin ar tionchar i dtéarmaí na n-iarmhairtí daonchaidiúla a ghabhann leis .

Áirítear le measúnú an tionchair an tionchar láithreach agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a mheas. Ba cheart teagmhais bhheaga a chur san áireamh freisin, ar teagmhais iad nach bhfuil tionchar mór acu ann féin ach a d'fhéadfadh, nuair a chuirtear le chéile iad, éifeachtaí dochracha a bheith acu ar shlándáil inmheánach an AE nó ar fheidhmiú nó shlándáil na dteorainneacha seachtracha.

Beidh tomhas an tionchair ag brath ar an mbagairt a aithníodh. Nuair nach bhfuil ann do mheasúnuithe cainníochtúla ná do mheasúnuithe cáilíochtúla , is féidir tionchar a thomhais trí cur síos a dhéanamh ar an aischur ón anailís ionductach nó ón anailís ar chnámha scéil.

Is iad an bhagairt, an leochaileacht agus an tionchar ina gcodanna lárnacha de mheasúnú riosca. Léirítear anailís riosca sa léaráid thíos. Níl na heilimintí a léirítear sa léaráid uileghabhálach. Ní mór athrú áirithe a chur san áireamh.

Grafiac 3: Léaráid den anailís riosca



Timthriall faisnéise


I ngach suíomh eagraíochtúil, leanann na gníomhaíochtaí faisnéise, as a bhforbraítear táirgí anailíseacha, timthriall nó próiseas 'caighdeánach'. Baineann aonaid um anailís riosca Frontex agus na mBallstát leas as próisis, scileanna agus teicnící faisnéise chun **faisnéis ar féidir** gníomhú dá réir a tháirgeadh le haghaidh cinnteoireachta.

Déantar é sin trí phróiseas struchtúraithe coiteann maidir le faisnéis a chur i bhfeidhm lena gcuimsítear faisnéis ar féidir gníomhú dá réir a bhailiú, a scaipeadh agus anailís a dhéanamh uirthi. Is é seo an próiseas lárnach agus CIRAM á chur i bhfeidhm laistigh de EIBM agus cuireann sé le bainistiú éifeachtach na dteorainneacha trí tháirgí iomchuí agus tráthúla a tháirgeadh.

Tugtar an timthriall faisnéise ar an bpróiseas struchtúrtha faisnéise seo, ar timthriall inmhínithe é lena ndéantar éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí anailíseacha maidir le riosca a áirithiú, trí chóras de shrianta agus de cheartúcháin.

An bhuntuisicint atá leis an timthriall faisnéise ná go mbíonn táirgí éifeachtúla a chuireann ar chumas an lucht cinnteoireachta aghaidh a thabhairt ar riosca mar thoradh ar leas a bhaint go córasach as fhaisnéis.

Grafaic 4: Timthriall faisnéise



Moltaí

Má éilítear é, is féidir le hanailís riosca moltaí a chur ar fáil don lucht cinnteoireacht maidir le bearta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar riosca. Leis na bearta sin ba cheart go gcuirfí cosc ar rioscaí teacht chun bheith nó go ndéanfaí a dtionchar a mhaolú má thagann siad chun bheith. Ní mór d'anailísithe pleananna gníomhaíochta a fhorbairt freisin. Pé scéal é, ba chóir go mbeadh faisnéis ar féidir gníomhú dá réir i gcónaí mar chuid de tháirgí anailíseacha⁶.

Feictear le moltaí cuidiú leis an lucht cinnteoireachta a chuireann acquis Schengen agus EIBM chun feidhme maidir le bainistiú teorainneacha agus filleadh ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon bearta iomchuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm.

⁶ Tá moltaí den sórt sin mar chuid de na conclúidí anailíseacha agus níor chóir iad a mheascadh suas le moltaí Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex a luaitear in Airteagail 32 agus 41 de Rialachán (AE) 2019/1896.

Cur chun feidhme CIRAM

Moltar do gach Ballstát acmhainneacht maidir le hanailís riosca a bhunú agus a choimeád ar bun i bhfoirm aonaid; líonra agus/ nó córais. Feidhmíonn an acmhainn maidir le hanailís riosca chun CIRAM agus an timthriall faisnéise a chur i bhfeidhm trí cinnte a dhéanamh de go bhfaightear sonraí, go gcuirtear na modhanna measúnaithe i bhfeidhm, go gcuirtear na huirlisí cearta ar fáil agus go bhfuil anailísithe riosca rannpháirteach agus meas iomlán ann ar chosaint sonraí agus ar chearta daonna. Déantar cur chun feidhme CIRAM agus an timthrialla faisnéise a áirithiú le sainoiliúint. Tá na cumais maidir le hanailís riosca freagrach freisin as líonraí malartacha maidir le comhar a bhunú.

Ar leibhéal an AE, déantar faireachán ar an staid ag an teorainn seachtarach trí chreat EUROSUR. Déantar foráil freisin leis seo do mhalartú faisnéise agus do chomhar oibríochtúil laisitigh den Garda Teorann agus Cósta Eorpach chun feasacht ar dhálaí agus an acmhainn freagartha a fheabhsú .

Le Líonra Frontex le haghaidh Anailís Riosca (FRAN), tugtar le chéile ionadaithe ó na Ballstáit, ó Ghníomhaireachtaí JHA agus ón gCoimisiún Eorpach atá bainteach le hanailís riosca, le bainistiú teorainneacha agus le fillleadh.

Tá iarrachtaí á ndéanamh ar leibhéal AE chun FRAN a chomhlánú trí líonraí réigiúnacha a bhunú sa limistéar réamhtheorann agus trí chomhar le tríú tíortha.

FRONT**X**



EUROPEAN BORDER AND
COAST GUARD AGENCY

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda
Teorann agus Cósta
Plac Europejski 6
00-844 Vársá, an Pholainn

T +48 22 205 95 00

F +48 22 205 95 01

[**frontex@frontex.europa.eu**](mailto:frontex@frontex.europa.eu)

www.frontex.europa.eu



An tAonad um Anailís Riosca
Vársá, Nollaig 2021